


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Gnóthaí Acadúla UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Seirbhísí Comhairleoireachta na Mac Léinn UCD |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair** | Comhairleoir Mac Léinn (intéirneacht) x2 |
| **Tréimhse an Phoist:** | Sealadach 12 mhí (Lánaimseartha) |
| **Tagairt Ghrádaithe Poist:** | Ní bhaineann |
| **Bainisteoir Líne:** | Ceannaire Cliniciúil Comhairleoireachta na Mac Léinn |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 018823 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Julie Breen |
| **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:** | TÁ |

## Achoimre ar an bPost:

Is mian le Seirbhísí Comhairleoireachta na Mac Léinn Comhairleoir/Comhairleoirí Mac Léinn Intéirneach a earcú chun a bheith mar pháirt d'fhoireann Chomhairleoirí Mac Léinn agus saineolas comhairleoireachta agus meabhairshláinte a sholáthar don Ollscoil, faoi mhaoirseacht. Is é príomhchúram an phoist seo ná teiripe shíceolaíoch ar ardchaighdeán a sholáthar, 1:1 agus le grúpaí. Tá an post seo oiriúnach do shícíteiripeoir nuacháilithe, síceolaí comhairleoireachta/cliniciúil atá ag iarraidh uaireanta a chur isteach chun riachtanais chreidiúnaithe/cláraithe gairmiúla a chomhlíonadh.

Is seirbhís tacaíochta do mhic léinn í Seirbhís Chomhairleoireachta UCD a thairgeann comhairleoireacht agus tacaíocht shíceolaíoch, do mhic léinn na hOllscoile. Le daonra de bhreis is 38,000 mac léinn ó 138 tír éagsúil, cuireann an tseirbhís chomhairleoireachta mac léinn tacaíocht mheabhairshláinte ar fáil do dhaonra ilghnéitheach mac léinn. Soláthraíonn foireann na seirbhísí comhairleoireachta mac léinn seirbhís laistigh d'éiteas atá bunaithe ar mheas, dea-bhéasa agus rúndacht agus an aidhm ann i gcónaí oibriú ar na caighdeáin ghairmiúla is airde. Oibrímid taobh le comhghleacaithe na Seirbhísí Tacaíochta Ollscoile níos leithne chun seirbhís chomhairleoireachta shábháilte. inrochtana agus thráthúil a sholáthar do mhic léinn. Áirítear sa réimse seirbhísí a chuirtear ar fáil, teiripe aonarach agus teiripe do ghrúpaí mic léinn, comhairliúchán le Foireann na hOllscoile ar shaincheisteanna síceolaíochta, idirchaidreamh agus atreorú a dhéanamh le seirbhísí tacaíochta eile de chuid na hOllscoile agus an phobail, oiliúint foirne agus idirghabháil atá leagtha amach chun forbairt phearsanta, fás agus acmhainneacht a fheabhsú. Fáilteofar roimh iarratais ó iarrthóirí oiriúnacha a bhfuil ar a laghad bunchéim grád 2.1 acu sa tSíceolaíocht nó sna hEolaíochtaí Daonna agus cáilíocht ghairmiúil iarchéime sa tSíceolaíocht Chomhairleoireachta, nó Síciteiripe / Comhairleoireacht. Toisc gur poist intéirneach ainmnithe iad seo, ní mór d'iarratasóirí a bheith ag obair i dtreo clárúcháin le comhlacht gairmiúil aitheanta ar nós PSI, ICP, IAHIP nó IACP ach nach bhfuil stádas clárúcháin bainte amach acu fós. Beidh an t-iarrthóir rathúil páirteach le foireann reatha síceiteiripeoirí/síceolaithe agus tuairisceoidh an duine sin don bhainisteoir Ceannais Chliniciúil agus don mhaoirseoir ainmnithe.

**<u>Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:</u>**

- Comhairleoireacht aonair agus grúpabhunaithe a sholáthar do mhic léinn ar bhonn sceidealaithe agus trí idirghabháil ghéarchéime.
- Agallaimh tosaigh a dhéanamh le mic léinn a iarrann comhairleoireacht agus na cáipéisí ábhartha a líonadh tríd an gcóras coimeádta taifid leictreonaigh.
- Cáipéisí cliniciúla suas chun dáta a choinneáil.
- Gníomhaíocht a thaifeadadh ar an gcóras leictreonach a úsáidtear chun seachadadh seirbhíse a eagrú (Titanium).
- Dul i gcomhairle le maoirseoirí agus leis an bhfoireann de réir mar is gá.

- Gníomhaigh mar idirghabhálaí idir an cliant agus seirbhísí tacaíochta na hOllscoile do na mic léinn.
- Déan idirchaidreamh agus atreorú nuair is cuí chuig seirbhísí oiriúnacha lasmuigh don Ollscoil.
- Seimineáir oideachasúla agus oiliúna a sholáthar.
- Freastal a dhéanamh ar sheimineáir oiliúna, cruinnithe foirne agus maoirseacht.
- Rannpháirtíocht i maoirseacht agus forbairt ghairmiúil leanúnach.
- Caidreamh a dhéanamh leis an bhfoireann agus na mic léinn ar bhealach gairmiúil agus eiticiúil.
- A bheith diongbháilte intéirneacht lánaimseartha 35 uair sa tseachtain a dhéanamh.
- Páirt a ghlacadh i maoirseacht agus oiliúint le hoscailteacht don fhoghlaim agus ag fáil aiseolas.
- Úsáid a bhaint as prótacail agus nósanna imeachta measúnaithe chun tuiscint maidir le riachtanais na gcliant a éascú agus tacú le síciteiripe de réir mar is gá.
- Cloí le gach beartas ábhartha inmheánach agus reachtúil atá riachtanach chun seirbhís shábháilte ardchaighdeáin a choinneáil.
- A bheith páirteach in ullmhú agus seachadadh clár for-rochtana agus luath-idirghabhála, e.g., ceardlanna síocoideachais, feachtais mheabhairshláinte, scileanna chun aire a thabhairt don mheabhairshláinte, e.g., aireachas, straitéisí féinchúraim, féin-atrua agus acmhainneacht.
- Dualgais bhreise a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh de réir mar a iarrtar agus atá oiriúnach do do leibhéal cumais.

### Sainiúil don phost seo:

Is ón 9:00 ar maidin go 5:00 um thráthnóna ó Luan go hAoine croí uaireanta oibre na seirbhíse. Cé go ndéantar an obair chaighdeánach i rith na n-uaireanta seo, d'fhéadfadh go mbeadh gá le hobair lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre le linn tréimhsí gnóthacha. Bíonn leibhéil arda oibre ag an tseirbhís go seasta i rith na bliana agus is ó Mheán Fómhair go Nollaig agus Feabhra go Bealtaine (an dá mhí sin san áireamh) na buaicthréimhsí.

Tá an ról lonnaithe go príomha ar an gcampas agus bíonn gá le bheith i láthair go pearsanta. Tá solúbthacht ag teastáil freisin i dtaca le socruithe a bhaineann le spás oifige roinnte.

### Tuarastal Seasta: €35,000 in aghaidh na bliana.

Déanfar an ceapachán ar scála agus i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.
Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis faoi phinsean ar fáil ag:
https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Fáiltímid roimh iarratais ó gach duine, iad siúd a shainaithníonn aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe san áireamh. Tuilleadh eolais faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/
Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

- Bunchéim sa tSíceolaíocht nó sna hEolaíochtaí Daonna le grád 2.1 ar a laghad bainte amach.
- A bheith san iomaíocht do cháilíocht Ghairmiúil sa tSíceolaíocht Chomhairleoireachta, sa tSíceolaíocht Chliniciúil, nó sa Chomhairleoireacht / Síciteiripe * beidh fianaise ag teastáil.
- Ag obair i dtreo clárúcháin (ach nach bhfuil bainte amach go fóill) le comhlacht gairmiúil aitheanta ar nós PSI, ICP, IAHIP nó IACP.
- Taithí nó ag obair i gcomhthéacs comhairleoireachta agus a líon a gcás cliant féin acu.
- Taithí ar oibriú i gcomhthéacs comhairleoireachta le haosaigh óga.
- Taithí ar oibriú go héifeachtach laistigh de ghrúpa foirne.
- Cumas gníomhaíochtaí comhairleoireachta a dhéanamh, a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a thuairisciú.
- Cumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh ó bhéal agus i scríbhinn chun doiciméid scríofa agus leictreonacha a ullmhú.
- Cumas comhbhá a chothú le daoine eile mar riachtanas do chaidrimh theiripeacha shláintiúla agus éifeachtacha.
- Cumas thú féin a chur i láthair mar dhuine lách agus i mbealach gairmiúil os comhair mac léinn agus foirne.
- Cumas a bheith in ann glacadh agus úsáid a bhaint as aiseolas tairbheach maidir le feidhmiú, cur i láthair agus caidrimh le daoine eile.
- Cumas a bheith comhsheasmhach agus solúbtha de réir mar is gá.
- Cumas riachtanais phearsanta, riachtanais na gcliant agus aidhmeanna agus beartais na seirbhíse comhairleoireachta a mheá agus a mheas go héifeachtach agus na riachtanais iomaíochta seo a ghlacadh agus idirbheartaíocht a dhéanamh de réir mar is cuí.
- Cumas fanacht séimh agus fóirsteanach i gcásanna éigeandálaí/agus nó géarchéimeanna síceolaíochta nuair a chuirtear maoirseacht agus treoir chuí ar fáil.
- Leibhéal feabhsaithe féinfheasachta maidir leis an gcaoi a réitíonn sé nó sí le daoine eile agus an cumas an stíl phearsanta seo a athrú go héifeachtach ag brath ar na cúinsí.
- Cumas cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach aghaidh ar aghaidh agus a bheith gairmiúil mar is cuí i gcumarsáid leictreonach (ríomhphost).

Inmhianaithe:

- Cumas cruthaithe a bheith in ann oibriú go héifeachtach i dtimpeallacht na meabhairshláinte.
- Taithí ar chomhairleoireacht ar thimpeallacht tríú leibhéal.
- Inniúlacht chultúrtha maidir le tuiscint agus freagairt do riachtanais daoine ó thíortha agus ó chultúir eile mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar líon na mac léinn idirnáisiúnta atá againn.
- Taithí ar oibriú le cliaint le réimse claonadh gnéis.
- Cumas taighde a dhéanamh.
- Ábaltacht an teicneolaíocht faisnéise a bhaineann le seirbhísí comhairleoireachta a úsáid (Titanium).

## Eolas Breise:

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2030: Teorainneacha a Shárú | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | https://www.ucd.ie/registrar/ucdacademicaffairs/ |
| Scoil/ Oifig an Chláir/ an Aonaid: | https://www.ucd.ie/studentcounselling/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | John Phillips |
| Teideal: | Ceannaire Cliniciúil Comhairleoireachta na Mac Léinn |

| | |
|---|---|
| Seoladh ríomhphoist: | john.phillips@ucd.ie |
| Fón: | 01 716 3159 |